

PAIDREACHA

Íosa Muire agus Seosamh ofráilim suas mo chroidhe,
agus m'anam díbh.

Íosa Muire agus Naomh Seosamh bronnam suas,
Mo chroidhe féin agus m'anam díbh.

Corp agus anam fuil agus feoil,
diadhacht agus daoineacht.

Ár Sláinuightheoir Íosa Críost ár dTighearna,
go dtreorúighe tú ár n-anam,
go ríoghacht na beatha shíoruidhe-Amen.

Cuirim seacht lán roilig Pádhraic agus tomba Chríost.

Oilean na naomh brat Brighde míor bhúilte,

Agus cumhachta na Maighdine Muire.

Cochall Phadraic agus teampull na Róimhe.

Ríoghacht na bhFlaitheas, creideamh Eoin Baiste,
agus piléar na fírinne.

Do bheannacht chomh fada leat a Dhia,

agus beannacht dó gach uile naomh,

agus ó gach uile Aingeal dá bhfuil i ríoghacht na bhFlaitheas.

Le hanam an té atá básuighthe annseo faoi lathair,

agus le h-anam marbh Purgadora an domhain go huile,

agus do chuile anam dá bhfuil ag cur a bpioraidheacha díobh,
ar an domhain, agus dá bhfuil le slánú go deo.

Le méadú ar a glóire agus laghdú ar a bpianta,

agus a n-anam a threorú go Ríoghacht na Beatha shíoruidhe,
i n-ainm Íosa Críost ár dTighearna.